Iascach Intíre Éireann
Inland Fisheries Ireland

# Cairt Custaiméirí Iascach Intíre Éireann

# 2023-2025

## Ról

Acmhainní iascaigh intíre agus slatiascaireachta farraige na hÉireann a chosaint, a bhainistiú agus a chaomhnú.

## Bunchuspóir

Acmhainní iascaigh intíre a dhéanamh a inbhuanaithe is féidir ar mhaithe leis na glúnta atá le teacht.

## Ár gcuid custaiméirí

Slatiascairí, úinéirí iascaigh, baill foirne Iascach Intíre Éireann agus daoine den phobal ar spéis leo uiscí intíre agus an tslatiascaireacht farraige a chosaint, a chaomhnú agus a fhorbairt.

## Oibrímid i gcomhar a chéile le teann gairmiúlachta

- A bheith gairmiúil agus cúirtéiseach agus muid ag plé le comhghleacaithe agus páirtithe leasmhara
- Conairí oscailte chuig páirtithe leasmhara a spreagadh
- Déileáil le fógraí pionós socraithe agus ionchúisimh i gcomhréir le nós imeachta ionchúisimh Iascaigh Intíre Éireann
- An dlí iascaigh a fhorfheidhmiú ar bhealach a chinntíonn go dtugtar cothrom na Féinne do chách
- A chinntiú go bhfaigheann gach páirtí leasmhar an tseirbhís ardchaighdeáin chéanna.

## Gníomhaímid le hurraim agus le hionracas

- Ár n-éirim mhothúchánach a úsáid agus muid i mbun cumarsáide le baill foirne agus le páirtithe leasmhara
- A bheith soiléir, comhréireach, measúil agus cothrom agus muid ag plé le comhghleacaithe agus le páirtithe leasmhara. Na caighdeáin ionracais is airde a choinneáil i gcónaí.
- Aithnímid éagsúlacht ár gcuid páirtithe leasmhara agus caithimid leo uile go cóir le teann measa
- Gach iarracht a dhéanamh daoine a thuiscint, mar aon lena ndéanann siad agus na cúiseanna a ndéanann siad amhlaidh.

## Táimid tiomanta don mhaoirseacht agus don inbhuanaitheacht

- Is tábhachtaí linn na héisc agus an comhshaol uisceach
- An bhainistíocht iascaigh a ghlacadh chugainn féin agus paisean a léiriú di. Úinéireacht a ghlacadh ar an gcaoi a ndéanaimid ár gcion féin le gnáthóga éisc a fheabhsú.
- A léiriú cé chomh tiomanta is atáimid don mhaoirseacht agus don inbhuanaitheacht ach iad a choinneáil i gcroílár ár gcinntí go léir
- Smaoineamh ar chumhacht an duine aonair – céard iad na hathruithe is féidir linn a dhéanamh le tionchar a bheith againn.

## Bímid díreach, follasach agus freagrach

- Muid féin agus ár réimsí oibre a aithint
- A bheith macánta agus ionraic agus muid ag déileáil le comhghleacaithe agus le páirtithe leasmhara
- A chinntiú go ndéantar gach ionchúiseamh ar na caighdeáin is airde is féidir ó thaobh macántachta, ionracais, cothroime, gairmiúlachta agus comhsheasmhachta de
- A bheith in ann seasamh lenár gcinntí bunaithe ar réasúnaíocht fhónta, chomh maith le taifid chruinne agus ábhartha a choinneáil

## Ar cheart duit a bheith ag súil leis nuair a dhéanann tú teagmháil linn

### By phone

- **Do ghlao a fhreagairt go preas le linn na n-uaireanta oifige**
- **Muid féin agus ár réimse oibre a aithint**
- **Tú a chur ar aghaidh go pras chuig an mball foirne iomchuí**
- **Gach glórphost a fhreagairt go pras**
- **Ní fhreagrófar glaonna ó uimhreacha príobháideacha ach amháin má fhágtar teachtaireacht ina sonraítear ainm agus uimhir an ghlaoiteora.**

### Ar an láithreán gréasáin, tríd an ríomhphost agus tríd an bpost

- **An comhfhreagras a admháil nach mó ná 5 lá oibre tar éis a fhála**
- **É a chur ar aghaidh chuig an rannóg iomchuí d'Iascach Intíre Éireann le go bhféadfar an ball foirne iomchuí plé a dhéanamh leis**
- **Nuair is féidir, freagra iomlán a eisiúint laistigh de 20 lá oibre, nó nuair nach féidir é, míniú a thabhairt ar na cúiseanna leis an moill agus a chur in iúl duit cathain is féidir leat a bheith ag súil le freagra iomlán.**

### Oifigí Poiblí

- **Iarrtar ort glao a chur ar an oifig roimh ré le coinne a dhéanamh**
- **Nach bhfuil coinne agat? Déanfaimid ár ndícheall freastal ort más féidir é.**
- **Éascóimid rochtain dóibh siúd a bhfuil lagú gluaiseachta orthu agus/nó riachtanais ar leith**
- **Caithfear coinne a bheith agat le cuairt a thabhairt ar ár Saotharlann nó ar ár bhFeirm Éisc.**

### Comhairliúcháin Phoiblí

- **Cuirfear páirtithe leasmhara ar an eolas faoi chomhairliúcháin atá beartaithe ar na bealaí is iomchuí**
- **Beidh páirtithe leasmhara páirteach sa chomhairliúchán chomh luath agus is féidir**
- **Déanfar comhairliúcháin thar thréimhse réasúnta ama**
- **Cuirfear ar fáil doiciméid ábhartha a bhaineann leis an gcomhairliúchán.**

### Na Meáin Shóisialta

- **Níl ar chumas Iascach Intíre Éireann freagra a thabhairt ar gach trácht ná teachtaireacht dhíreach (agus a leithéid de ghné i ngníomh) ar a gcuntais ar na meáin shóisialta. Mar sin, níor cheart na meáin shóisialta a úsáid le tuairisc a thabhairt d'Iascach Intíre Éireann maidir le hiascaireacht mhídhleathach líomhnaithe, eachtra truaillithe, speiceas ionrach, srl.**
- **Le tuairisc a thabhairt d'Iascach Intíre Éireann, moltar go láidir do chustaiméirí glao a chur ar bheolíne rúnda Iascach Intíre Éireann ar 0818 34 74 24 (24 uair an chloig).**